Coláiste Ghobnait
Inis Oírr



Polasaí Cianfhoghlama
2026/2027

Glactha leis ag an mBord Bainistíocht ar an 02/11/2021
Faofa ag an mBord Oideachas agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGR) ar an (dáta le cinntiú)

Ullmhaíodh an Beartas seo i gcomhairle le Tuismitheoirí, Scoláirí, Baill Foirne, an Bord Bainistíochta agus an BOOGR

BAINEANN AN POLASAÍ SEO LE:

Daltaí, foireann na scoile, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta na scoile chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Roscomáin.

RÁITEAS MISIN

Ár misiún i gColáiste Ghobnait ná forbairt oideachasúil, intleachtúil, fisiciúil agus culturtha a spreagadh i measc scoláirí na scoile i dtimpeallacht thaitneamhach shláintiúil a thugann tús áite don fhéinmheas, don neamhspléachas agus d'fhorbairt gach ball de phobal na scoile.

FÍS NA SCOILE

"Ag fás is ag foghlaim le chéile go díograiseach agus go dúthrachtach trí mheán na Gaeilge, ina dtugtar tús áite do chothromaíocht, meas folláine agus ionracas, le spiorad an chomhoibrithe i measc pobal uile na scoile."

ÉITEAS



RÉAMHRÁ

Tá sé mar aidhm leis an bpolasaí seo treoirlínte agus eolas a chur ar fáil do na scoláirí agus a dtuismitheoirí ó thaobh úsáid teicneolaíochta le linn cianfhoghlama, sé sin, ó áit eile taobh amuigh den scoil nuair nach gá nó nuair nach féidir leis an múinteoir an rang a chur ar fáil ar an láthair chéanna, faoi mar a bheadh amhlaidh dá mbeadh an rang ar bun sa seomra ranga.

Níl an polasaí seo ceaptha áit ár bPolasaithe Fón Póca agus Úsáid Inghlactha a ghlacadh, is amhlaidh gur áis bhreise tábhachtach do réimse na foghlama ó ardán digiteach atá ann.

Ba cheart an polasaí seo a léamh i gcomhpháirt leis na polasaithe eile scoile.

Feidhmíonn Coláiste Ghobnait faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGR).

Toisc gur scoil muid faoi choimirce BOOGR agus go nglacann muid treoir ón Roinn Oideachais tá sé fíorthábhachtach polasaithe a bheith againn le cinntiú go bhfuil gnásanna leagtha síos do chomhlíonadh ár ndualgas reachtúil.

Is iad príomhdhualgais gach scoil ná leas na bhfoghlaimeoirí ina scoil. Chuige sin féachann an polasaí seo lena chinntiú go bhfuil cianfhoghlaim shábháilte ann do gach scoláire atá ag foghlaim faoi bhrat an Pholasaí um Chosaint Leanaí agus go bhfuil a gcuid sonraí sábháilte freisin faoin reachtaíocht RGCS.
Caithfidh scoileanna cinntiú go bhféadfar tabhairt faoin bhfoghlaim i dtimpeallacht chuí agus féaráilte agus a shásaíonn dualgais reachtúla na scoile.

Ullmhaíodh an Polasaí seo, dá bhrí sin, de réir fhorálacha na Roinne Oideachais agus ailt ábhartha as an:
(a) Acht Oideachais (1998)
(b) An tAcht Oideachais (Leas) (2000).
(c) An tAcht um Stádas Comhionann (2000)
(d) An tAcht Oideachais do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais (2004)
(e) An tAcht Míchumais (2005)
(f) Tús Áite do Leanaí 2017
(g) RGCS *(GDPR)*
(h) An Roinn Oideachais: Gnásanna um Chosaint Leanaí na mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna
(i) Treoirlínte an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais maidir le Cód Iompraíochta a Fhorbairt (2008)

Bíonn an Teagasc agus an Fhoghlaim ag síorathrú, go mór mór agus muid ag bogadh níos faide isteach san 21ú céad agus go leor deiseanna iontacha ar fáil dúinn tríd an TF, mar fhoghlaimeoirí agus múinteoirí.

Ní raibh a leithéid de sheans riamh ann tabhairt faoin bhfoghlaim tríd an teicneolaíocht agus tá síorathrú ar an gcaidreamh foghlama idir múinteoirí agus scoláirí dá bharr. De bharr an dul chun cinn sa teicneolaíocht is féidir tascanna a chiansheachadadh, agus trí theacht níos fearr a bheith ar eolas ar an idirlíon, tá deiseanna ann tabhairt faoi fhíor-fhoghlaim faoi threoir aireach agus gairmiúil an mhúinteora.

Tá sé fíorthábhachtach, bíodh scoláirí á dtreorú sa seomra ranga nó ó chian, go dtuigfeadh na páirtithe uilig gurb iad na rialacha reachtúla céanna a bhíonn i gceist ón am a dtarlaíonn malartú foghlama idir scoláire agus múinteoir, bíodh sin sa mbaile nó sa scoil, is é sin Cód Iompraíochta na scoile mar aon le chuile pholasaí eile scoile.

Mar sin, ar mhaithe le débhríocht agus eile a sheachaint, forbraíodh an Polasaí seo chun é a dhéanamh an-soiléir dár bpáirtithe uilig go seasann na luachanna atá go daingean inár bpolasaithe is cuma cén t-athrú a dhéanann muid ar ár modhanna múinteoireachta agus foghlama. Áirítear anseo an cianfhoghlaim nó dalta a bheith á múineadh i dtimpeallacht taobh amuigh d'fhoirgneamh na scoile agus go mbíonn an múinteoir ag obair ó chian freisin agus gan iad san áit chéanna leis an scoláire/na scoláirí.

Tá foireann agus scoláirí Choláiste Ghobnait réidh le haghaidh cianfhoghlaim má bhíonn orainn dul síos an treo sin mar gheall ar an tréimhse suaite i saol na tíre de bharr Covid-19.

Aithníonn agus tuigeann Coláiste Ghobnait go mbeidh taithí an teagaisc agus na foghlama difriúil gan dabht do na scoláirí nuair atá an cianfhoghlaim ar siúl.

Tá bearta i bhfeidhm ag Coláiste Ghobnait ionas go mbeidh na scoláirí in ann a bheith chomh ceangailte agus is féidir lena bpobal scoile féin agus lena gcomhpháirtithe ranga, go mbeidh a gcuid foghlama, a oiread agus is féidir, ar aon dul leis an gcuraclam má tharlaíonn an cianfhoghlaim. Tá an teagasc agus foghlaim tacaíocht ina phríoracht ag Coláiste Ghobnait.

Tá deiseanna fiúntacha foghlama den scoth ag Coláiste Ghobnait do phobal uile na scoile. An chéad chloch ar ár bpaidirín ná deiseanna fiúntacha foghlama a chur ar fáil chun foghlaim an scoláire a chur chun cinn agus a fhorbairt trí thascanna foghlama atá neamhspleách, deiseanna foghlama atá comhoibríoch agus obair thionscadail agus eispéiris foghlama tarraingteacha eile.

Tá go leor deiseanna ann do ghasúir fíor-úinéireacht a ghlacadh ar a bhfoghlaim agus a n-eolas a fhairsingiú sa timpeallacht seo – an cianfhoghlaim.

Tuigeann Coláiste Ghobnait go mbeidh dúshláin bhreise ag roinnt scoláirí áirithe agus iad ag iarraidh a bheith ag díriú ar an gcianfhoghlaim – mar shampla, mar gheall ar easpa spáis staidéir, cumas tuismitheoirí/caomhnóirí tacú le foghlaim an pháiste, míbhuntáiste socheacnamaíoch nó easpa gléasanna digiteacha oiriúnacha a bheith ar fáil. Nuair a tharlaíonn cásanna mar seo, iarraim ar an Tuismitheoir/ Caomhnóir teagmháil a dhéanamh leis an scoil láithreach bonn agus chaithfear smaoineamh ar straitéisí eile chun cumarsáid a dhéanamh le na scoláirí.

Beidh tacaíocht na dtuismitheoirí/caomhnóirí riachtanach maidir leis an gcianfhoghlaim. Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí tacaíocht iomlán a thabhairt dá mac/íníon má tharlaíonn go mbeidh an cianfhoghlaim ag tarlú.

Beidh sé riachtanach seiceálacha rialta le tuismitheoirí/caomhnóirí agus scoláirí a bheith ann chun fáil amach cén chaoi a bhfuil na scoláirí ag dul i dtaithí ar an soláthar oideachais cianfhoghlaim. Tá múinteoir ranga ag gach bliain sa scoil agus iarraim ort dul i dteagmháil leo má tá aon fhadhb ag do mhac/íníon maidir leis an gcianfhoghlaim.

Tá sé tábhachtach atmaisféar an chaidrimh a choinneáil le Coláiste Ghobnait má bhíonn an cianfhoghlaim ag tarlú. Is gné riachtanach d'eispéiris foghlama na scoláirí agus dá bhforbairt shóisialta agus mhothúchánach é teagmháil a bheith leis an scoil agus idir scoláirí. Is féidir le múinteoirí teagmháil a éascú trí idirghníomhaíocht ar líne, aiseolas a sholáthar ar obair a Rinneadh agus obair thionscadail a eagrú. Beidh sé seo ag tarlú i gColáiste Ghobnait ar Teams – idirghníomhaíocht agus teagmháil na scoláirí lena gcairde sa seomra ranga agus coinneóidh sé an nasc idir iad féin agus pobal na scoile.

Beidh meascán cothrom ann de thascanna neamhspleácha foghlama agus tascanna treoracha. Beidh múinteoirí in ann monatóireacht a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus aischothú a thabhairt chun tacú leis an gcéad chéim eile atá le glacadh i bhfoghlaim an scoláire tríd na tascanna a thugtar amach le déanamh.

Beidh deiseanna rialta ag scoláirí an dul chun cinn atá déanta acu ina gcuid foghlama a léiriú. Beidh múinteoirí ag cur aiseolas tacúil agus cuiditheach ar fáil do na gasúir ina gcuid ranganna. Beidh tuairimí na scoláirí á lorg freisin ionas go mbeidh Coláiste Ghobnait in ann athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil an soláthar ag oibriú dóibh. Tá an cineál seo aiseolais tábhachtach chun spreagadh agus dul chun cinn san fhoghlaim a choinneáil agus chun tacú le folláine scoláirí.

Tá cumarsáid idir na múinteoirí agus an baile tábhachtach. Féach léaráid.

LÍNE CUMARSÁIDE DO SCOLÁIRÍ/*STUDENT LINE OF COMMUNICATION*

Líne cumarsáide do scoláirí/Student line of communication

Cá dtéann tú, má tá fadhb/imní/ceist agat/*Where do you go if you have a problem/you are worried/you have a question*:

- Dul chun cinn **acadúil** in **ábhar áirithe** nó cur chuige teagaisc agus foghlama san ábhar sin/***Academic*** *progression in* ***certain subjects*** *or the approach to teaching and learning in that subject:*

Teagmháil Tosaigh *First point of contact*	**Mura bhfuil Réiteach** *If there is no resolution*	**Mura bhfuil Réiteach** *If there is no resolution*	**Mura bhfuil Réiteach** *If there is no resolution*	**Mura bhfuil Réiteach** *If there is no resolution*
Múinteoir an ábhair sin *Subject teacher*	Múinteoir Bliana *Year Head*	Comhordaitheoir Riachtanais Breise *Additional Needs Coordinator*	Príomhoide Tánaisteach *Deputy Principal*	Príomhoide *Principal*

- Dul chun cinn **acadúil go ginearálta,** nach mbaineann le hábhair amháin ar leith/*General academic progression that is not confined to one subject in particular*:

Teagmháil Tosaigh *First point of contact*	**Mura bhfuil Réiteach** *If there is no resolution*	**Mura bhfuil Réiteach** *If there is no resolution*	**Mura bhfuil Réiteach** *If there is no resolution*
Múinteoir Bliana *Year Head*	Comhordaitheoir Riachtanais Breise *Additional Needs Coordinator*	Príomhoide Tánaisteach *Deputy Principal*	Príomhoide *Principal*

- Dul chun cinn go ginearálta, maidir le gnéithe seachas gnéithe acadúla (sóisialta, bulaíocht, fadhb phearsanta, fadhb sláinte, fadhb bhaile)/*General progression regarding non-academic aspects (social, bullying, personal problems, health problems, home problems)*:

Teagmháil Tosaigh *First point of contact*	**Mura bhfuil Réiteach** *If there is no resolution*	**Mura bhfuil Réiteach** *If there is no resolution*
Múinteoir Bliana *Year Head*	Príomhoide Tánaisteach *Deputy Principal*	Príomhoide *Principal*

Folláine – I rith tréimhse na cianfhoghlama, beidh clár folláine na scoile ar fáil.

1. Rang Spóirt
2. OSSP
3. OSPS - Beidh an múinteoir ranga ag cur suas na hoibre ar Teams ach ní bheidh aon phlé oscailte ar líne ar ábhar leochaileach. Is faoin múinteoir ranga an socrú is fearr a fheileann dá rang/ábhar féin a roghnú.
4. Folláine – tá rang folláine ag an múinteoir bliana uair sa tseachtain chun glór agus eispéiris foghlama an scoláire a phlé agus a chloisteáil.
5. Tionól – Beidh tionól ar siúl gach maidin ó 8.50 – 9.00.

B'fhéidir go mbeadh físeáin ghearra míniúcháin le gníomhaíochtaí cosúil le druileanna spóirt, scileanna agus cleachtaí a chleachtadh sa bhaile ina n-aonair agus/nó le ball den chlann. Beidh tacaíocht agus feitheoireacht an Tuismitheora/ Caomhnóra tábhacht anseo.

CRUINNITHE/RANGANNA TEAMS BEO AR LÍNE

Iompraíocht Scoláirí

Beifear ag súil leis an méid seo a leanas óna scoláirí uilig. Féadfar más gá scoláirí nach leanann na treoirlínte seo a fhágáil amach as cruinnith/ranganna Teams.

- Is do scoláirí amháin na cruinnithe/ranganna Teams
- Cuir do mhicreafón as mura bhfuil tú ag caint
- Bí in am ag ceangal isteach leis an gcruinniú/rang
- Ná húsáid an ghne 'Chat' I do rang mura ndéarfaidh an múinteoir é a dhéanamh. Nuair a bhíonn 'Chat' á úsáid agat scríobh I gcaint atá oiriúnach don scoil. Cuimhnigh go bhfuil na cruinnithe ranga poblí agus go gcoinnítear taifead den 'chat'
- Ná cuir ach teachtaireachtaí a bhaineann leis na ceachtanna I 'Chat'

Má tá do cheangal righin nó mall dean an méid seo a leanas:

- Dún aon fheidhmchlár breise a bhíonn oscailte ar an ríomhaire
- Féach le gan mórán daoine eile a bheith ag úsáid do WiFi agus tusa á úsáid
- Cas as do cheamra agus éist leis an bplé.

Is é an príomhacmhainn ar líne atá á úsáid sa scoil s'againne faoi láthair ná Microsoft Teams. D'fhéadfadh sé seo athrú ach fanfaidh treoracha agus tuairimí an pholasaí seo bailí is cuma cén t-ardán a bheidh in úsáid againn amach anseo.

1. Má, agus nuair a roghnaíonn múinteoir oibriú ó chian déanfaidh siad iarracht an chumarsáid ar líne a bheith ann le linn gnáthuaireanta oibre an chuid is mó den am agus ní bheidh cumarsáid acu leis na scoláirí tráthnóna/taobh amuigh de na gnáthuaireanta - sin mura mbíonn sé ráite ag an múinteoir le foghlaimeoirí uilig an ghrúpa/na foirne go bhfuil rang/dul siar le bheith ann ag am ar leith i ndiaidh na ngnáthuaireanta. Le linn gnáth lá scoile d'fhéadfadh an múinteoir mar sin obair a chur ar Teams don scoláire le déanamh an tráthnóna sin – ansin féadfaidh an scoláire an obair/tasc a sheoladh ar ais ag an múinteoir le ceartú ina n-am féin (féach pointe 6 freisin).
2. Nuair atá modhanna Cianfhoghlama á n-úsáid breathnófar amach chomh maith agus is féidir, trí chur chuige dhifreáilte, do na scoláirí uilig le riachtanais speisialta oideachais faoi mar a bheadh amhlaidh dá mbeadh an múinteoir sa seomra ranga.
3. Is cuma cén t-am a mbíonn scoláire agus/nó múinteoir ar Teams, bíodh go mbíonn nó nach mbíonn an múinteoir ar líne ag tabhairt rang teagaisc, caithfidh scoláirí ón nóiméad a logálann siad isteach ar Teams cloí le rialacha na scoile agus feidhmeofar na rialacha más gá agus nuair is gá.
4. Ní bhíonn sé de rogha ag scoláirí Grúpa (Team) a fhágáil nuair a bhíonn a leithéid cruthaithe ag múinteoir.

5. Is leis an múinteoir féin an t-ábhar a chruthaíonn siadsan ar 'Teams' agus ní cheadaítear do scoláirí é a roinnt le daoine eile taobh amuigh den ghrúpa (team) mura mbíonn cead faighte acu.
6. Ba cheart go dtuigfeadh tuismitheoirí agus scoláirí go m'fhéidir go gcaitheadh múinteoirí ábhar/tascanna a sheoladh san oíche mar go mbíonn siad ag obair sa lá. Ní chiallaíonn sé seo go gcaithfidh scoláirí dul ag obair ag an am a bhfaightear an t-ábhar isteach. Níltear ag súil ach an oiread go gcaithfidh múinteoirí obair a thagann isteach ar 'Teams' taobh amuigh de ghnáthuaireanta scoile a cheartú nó tuairisc a thabhairt faoi. Tabharfaidh, agus glacfaidh, múinteoirí le hobair ina n-am féin agus cuirfidh siad é seo in iúl do na scoláirí.
7. Bíonn an múinteoir féin ina n-úinéir/bainisteoir ar aon 'Teams' a bhíonn cruthaithe acu. Is grúpaí den rang iomlán a bheidh sa gcuid is mó Grúpaí (teams) ach ní gá go mbeadh seo amhlaidh. Nuair a thugtar cuireadh dóibh agus go gcuirtear scoláirí isteach i nGrúpa (Team) is é an rud céanna díreach é le bheith sa seomra ranga agus a bheith le grúpa ranga. Bíonn múinteoir acu agus bíonn na rialacha scoile céanna i bhfeidhm.
8. Ní bheidh múinteoirí i gcumarsáid ach le scoláirí atá cláraithe ar an Ardán cuí.
9. Ní bheidh múinteoirí i gcumarsáid ná i dteagmháil ach le scoláirí atá ag úsáid agus logáilte isteach ina gcuntas BOOGR.
10. Níl cead ag aon am suímh meáin shóisialta a úsáid mar shampla facebook, snapchat, WhatsApp srl. le cumarsáid a dhéanamh le scoláirí agus tá na múinteoirí curtha ar an eolas maidir leis seo.
11. Níl cead ag scoláirí Grúpaí (Teams) a chruthú iad féin taobh istigh den Ghrúpa (Team) a bhíonn cruthaithe ag an múinteoir.
12. I gcás iompraíocht nó teanga mhíchuí nach raibh inghlactha le linn am scoile ní ghlacfar ach an oiread leis ar líne ná i ndiaidh amanna bunaithe na scoile. Is iad na hiarmhairtí céanna a bheidh i gceist don iompraíocht seo amhail is dá mbeadh scoláire sa scoil ó tharla iad páirteach in obair scoile a bhíonn leagtha síos ar ardán a cruthaíodh sa scoil, ag úsáid logáil isteach scoile atá treoraithe ag pearsanra scoile.
13. D'fhéadfaí aon chaint ionsaitheach/bagrach nó gránna a dhírítear ar chomhscoláire nó ar mhúinteoir a thuairisciú do na Gardaí nó TUSLA nó don dá dhream acu.
14. Is iad na critéir céanna atá ann don tuairisciú sainordaithe maidir le Cosaint Leanaí amhail is dá mbeadh an dalta á múineadh sa scoil.
15. Fanfaidh na forálacha uilig maidir le Sonraí an dalta mar an gcéanna ó thaobh gnásanna agus treoirlínte RGCS *(GDPR)*.
16. Ar nós na nithe eile uilig a bhaineann le Cód Iompar na scoile, má ghníomhaíonn scoláire i gcoinne ár gCód, d'fhéadfaí pionós a ghearradh orthu agus nó iad a chur ar fionraí/Moladh a dhéanamh leis an mBord Bainistíochta do Dhíbirt Buan.
17. Leanfar le dea-chleachtas teagaisc agus foghlama agus beifear ag súil go ndéanfaidh na scoláirí a gcuid tascanna uilig in am agus chomh maith agus atá siad in ann, nuair is féidir leo sin a dhéanamh leis an gcaoi a bhfuil cúrsaí faoi láthair.
18. Glacfar tinreamh ag na ranganna beo agus iarrfar ar Thuismitheoirí tacú leis an bhfreastal orthu seo. Seolfaidh an Múinteoir bliana tuairisc tinrimh chuig an Tuismitheoir uair sa tseachtain.
19. Tógtar rolla ag Tionól na maidine. Seolfar téacs trí Tyro má bhíonn scoláire as láthair.
20. Ní gá éide scoile a chaitheamh d'fhoghlaim físeán, táthar ag súil áfach go mbeidh éadaí cuí á gcaitheamh le linn na gcruinnithe/ranganna beo ar 'Teams'.
21. Teastaíonn ó múinteoirí "Assignment" a chruthú i Teams sa chaoi go mbeidh scoláirí in ann a n-obair bhaile a uaslódáil anseo.

Tá gach múinteoir socruithe suas ar Teams. Tá ríomhaire ag gach múinteoir.

Tá ríomhaire ar fáil do gach scoláire sa scoil ar iasacht má theastaíonn.

Tá Coláiste Ghobnait tar éis tacú le scileanna scoláirí agus foghlaim trí fhorbairt a dhéanamh ar a n-inniúlachtaí digiteacha, a gcuid scileanna féin-eagraíochta agus a gcumas dul i ngleic leis an gcianfhoghlaim.

Má tá scoláire as láthair ón scoil is féidir leo an lá scoile a leanúint ó 8:50a.m ar Teams. Ciallaíonn as láthair go bhfuil an scoláire tinn nó go bhfuil siomptom Covid-19 ar an scoláire. Tosaíonn an lá scoile ag 8:50a.m. agus beidh siad in ann a gcuid ranganna a leanúint. Beidh an rang ar fáil ar Teams ag gach múinteoir. Beidh na scoláirí marcáilte ar rolla na scoile má bhíonn siad i láthair dá gcuid ranganna ar Teams.

Cruinnithe/Ranganna Teams beo ar Líne
Iompraíocht scoláirí

Beifear ag súil leis an méid seo a leanas óna scoláirí uilig. Féadfar más gá scoláirí nach leanann na treoirlínte seo a fhágáil amach as cruinnithe/ranganna Teams.

- Is do scoláirí amháin na cruinnithe/ranganna ar Teams
- Cuir do mhicreafón as mura bhfuil tú ag caint
- Bí in am ag ceangal isteach leis an gcruinniú/rang
- Ná húsáid an ghné 'Chat' i do rang mura ndéarfaidh an múinteoir é a dhéanamh. Nuair a bhíonn 'Chat' á úsáid agat scríobh i gcaint atá oiriúnach don scoil. Cuimhnigh go bhfuil na cruinnithe ranga poiblí agus go gcoinnítear taifead den 'chat'.
- Ná cuir ach teachtaireachtaí a bhaineann leis na ceachtanna i 'Chat'.

Má tá do cheangal righin nó mall déan an méid seo a leanas:

- Dún aon fheidhmchlár breise a bhíonn oscailte ar an ríomhaire
- Féach le gan mórán daoine eile a bheith ag úsáid do WiFi agus tusa á úsáid
- Cas ar do cheamara agus éist leis an bplé.

gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board

Coláiste Ghobnait
Inis Oírr | Oileáin Árann |
Co. na Gaillimhe.
+353 99 75016; +353 87 2232520
eolas.gobnait@gretb.ie
www.colaisteghobnait.com

Student Laptop Loan Agreement

Galway & Roscommon Education and training Board ("GRETB") provides laptops to students to enhance their education. It is imperative that parents/guardians stress to their children how important it is to take good care of their issued device and to behave appropriately when interacting with others digitally. Certain rules are necessary to protect the laptop and the network.

By accepting possession of a GRETB laptop, student and his/her parents/guardians agree to the following responsibilities for the use and care of this device:

1. The student agrees to follow all GRETB policies and regulations governing the use of computers, including, but not limited to, the Expectations for Responsible Laptop Use printed on the back of this form, as well as the Student Code of Conduct.

2. The computer is the property of GRETB. If a student withdraws from the school prior to the end of the loan period, the laptop must be returned to school officials by the student prior to withdrawal.

3. The student shall not remove or alter any GRETB identification labels attached to or displayed on the computer, nor shall the student change identification within the computer, such as the computer name.

4. The student agrees to keep the computer secure and safe. The parent/guardian will assume the risk of loss by theft, destruction, or damage caused by intentional misuse. If, during the loan period, the computer is damaged or returned with any accessories missing, GRETB may charge the parent the lesser of the repair or the replacement cost.

5. The student must report theft (or suspected theft) of the computer to Gardaí and the School, loss of the computer, damage to the computer, or malfunctioning of the computer to the school promptly and no later than 24 hours of the incident.

6. The laptop cannot be loaned, sold, bartered, traded, leased, rented or given to any other person or persons without the express written consent of GRETB.

I have read and agree to comply with these rules and all GRETB policies and regulations for the use of equipment, including the attached Rules, the Acceptable Use Policy.

I understand that the laptop is the School property and it may access, monitor, and archive my use of the computer system, including my use of the internet, e-mail and downloaded material, without prior notice to me.

I will report any damage to hardware or software immediately to designated school personnel and will return equipment promptly when requested.

GRETB grants permission to the student to have limited use of the laptop described in this continuing agreement. The school system insurance and the permission granted to the student ceases on the LAST CALENDAR DAY OF THE SCHOOL YEAR (unless terminated earlier by GR ETB) and failure to return the laptop and charger on or before that date to the building principal or his/her designee could result in billing for the unreturned item(s) and/or other legal proceedings against the student and/or the person who has the laptop.

GRETB reserves the right to demand return of the laptop at any time.

Equipment Provided

Make:

Model:

Accessories:

School/ College name

Student's Full Name and Address (please print):

Signature of Student Date

Signature of Parent or Guardian Date

Expectations for Responsible Laptop Use

Sign below, agreeing to the GRETB Expectations of Responsible Laptop Use.

I understand that I am not to remove or alter any part of the computer.
I understand that only authorized educational programs installed by GR ETB staff may be used on the laptop, and that I am not to download, install or play games, video, music or pictures unless they are directly related to classroom instruction. I am not to delete any school-installed software.
I understand that I am accountable for knowing where my laptop is at all times.
I understand that I am responsible for the proper care of my laptop, that the laptop must be in the case provided by GR ETB when not in use, and that damage to the laptop when it is not in the protective case may be considered intentional.
I understand that I am not to add or remove labels to the laptop, that I am not allowed to personalize it with stickers, decals, markers or any type of decorative materials, and that no paint, glue or other substance is to be placed on the laptop.
I understand I am responsible for keeping food and beverages away from my laptop and that I am not to leave my laptop outside, unattended in a vehicle, in an unsecure location, or near water.
I understand that I am to avoid using objects that may scratch or damage any part of the device.
I understand that I am to turn my laptop off when finished using it, especially when transporting.
I understand that I am not to loan my laptop or charger to other individuals.
I understand my laptop's serial number and manufacturer/district labels are not to be defaced.
I understand that I am only to use my laptop in ways that are educational and appropriate and in accordance with all policies and procedures, including the Acceptable Use Policy and the Student Code of Conduct
I understand that I represent the school in all my online activities while using the laptop. I understand that what I do online on the GR ETB laptop should not reflect negatively on my fellow students or teachers.
I understand that I am to interact with all others in a respectful, courteous, and school-appropriate manner while using the laptop.
I understand that my personal username and password must not be shared with any individual.
I agree to return the laptop, case and power cord in good working order at the end of the school year, upon leaving GRETB, or when my user privilege is revoked.

Signed Student: Date:

Signed Parent / Guardian: Date: